

Athbhreithniú ar an gCur Chun Feidhme Comhshaoil 2019 (EIR 2019): Meascán de phríomhfhiricí faoi staid chur chun feidhme na ndlíthe comhshaoil san Eoraip

CUR SÍOS AR EIR, A CHUSPÓIRÍ AGUS A BHUNTÁISTÍ

- Tá sé mar chuspóir ag an Athbhreithniú ar an gCur Chun Feidhme Comhshaoil feabhas a chur ar chur chun feidhme na mbeartas agus na reachtaíochta comhshaoil AE. Déantar amhlaidh trí chúiseanna na mbearnaí cuir chun feidhme a aithint agus trí dhul i ngleic le bacainní sistéamacha ar an tsláine comhshaoil thar raon earnálacha beartais. Leagtar amach san athbhreithniú na príomhdhúshláin atá os comhair gach Ballstát, mar aon le dea-chleachtais reatha.
- Mura gcuirtear rialacha comhaontaithe chun feidhme i gceart, bíonn an Coimisiún in ann dul chun dlí, agus is minic nach mbíonn aon rogha eile ann. Roimhe seo, ní dhearna an Coimisiún Eorpach sárúithe ar an dlí AE a cheartú ach i ndiaidh dóibh tarlú, ach tá an EIR seolta ag an AE anois agus cuireann sé seo ar chumas thíortha an AE teacht ar réitigh saincheaptha a luaithe agus is féidir.
- Tá sé riachtanach beartas agus dlí comhshaoil an AE a chur chun feidhme ar mhaithe le comhshaoil sláintiúil, agus d'fhéadfaí deiseanna nua a chruthú don fhorbairt gheilleagrach agus fás atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chomh maith.
- Meastar i staidéar nua go gcosnaíonn sé timpeall EUR 55 billiún sa bhliain ar an tsochaí bearnaí reatha maidir le cur chun feidhme comhshaoil a chumhdach.
- Tá an Coimisiún tiomanta do thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun an cur chun feidhme comhshaoil a fheabhsú, mar shampla tríd an uirlis idir piaraí agus an t-idirphlé déthaobhach. Chun go n-éireoidh leis na huirlisí sin, caithfidh údaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus páirtithe leasmhara eile, dul i dteagmháil go gníomhach lena chéile.

EIR – GEILLEAGAR CIORCLACH

- Sa bhliain 2015 glacadh sa Choimisiún Eorpach le Plean Gníomhaíochta an Gheilleagair Chiorclaigh uailmhianaigh, ina n-áirítear beartais chun cabhrú le hathrú na hEorpa i dtreo an gheilleagair chiorclaigh a spreagadh, chun cur leis an iomaíochas domhanda, chun an fás inbhuanaithe geilleagair a chothú agus chun poist nua a chruthú.



**TAKE THE
INITIATIVE!**

**#EUGreenWeek
13–17 MAY 2019**

- Bunaítear clár uaillmhianach nithiúil gníomhaíochta faoi Phlean Gníomhaíochta an AE don Gheilleagar Ciorclach, agus cumhdaítear an timthriall iomlán le beartais an chláir: idir tháirgeadh agus thomhaltas, bhainistíocht na dramhaíola, mhargadh na n-amhábhhar tánaisteach agus thogra athbheithnithe reachtach ar an dramhaíl. Leagtar amach amlíne maidir le cur i gcrích na ngníomhartha san iarscríbhinn a ghabhann leis an bplean gníomhaíochta. Buíochas leis na gníomhartha atá molta, cuirfear leis an "Iúb a dhúnadh" maidir le saolréanna táirgí trí níos mó athchúrsála agus athúsáide, agus bainfidh buntáistí leis sin don chomhshaol agus don gheilleagar.
- Neartaíodh creat beartais an AE don gheilleagar ciorclach, ach d'fhéadfaí an cur chun feidhme a fheabhsú fós i réimsí éagsúla, an dramhaíl san áireamh.
- Maidir le dramhaíl, tá an sprioc athchúrsála 50% do dhramhaíl chathrach faoin mbliain 2020 bainte amach ag cúig Bhallstát AE, ach tá baol ann nach mbainfear an sprioc amach i roinnt Ballstát eile.
- Is dúshlán mór é fós an dramhaíl a chosc: tá méadú tagtha ar an meánmhéid dramhaíola cathrach a ghintear san AE ó 2014 i leith.

EIR – ATHRÚ AERÁIDE

- Tá sé mar chuspóir ag reachtaíocht aeráide an AE, cur le hEoraip atá níos seasmhaí ó thaobh na haeráide tríd an ullmhacht níos fearr agus trí chumas níos láidre freagairt do thionchair an athraithe aeráide ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal réigiúnach, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE.
- Ar an iomlán, tá an reachtaíocht aeráide á cur chun feidhme i gcoitinne ar fud an AE, ach caithfear iarrachtaí níos mó a dhéanamh sna Ballstáit ar leith agus ar leibhéal an AE chun an damáiste a bhaineann leis an athrú aeráide a chosc agus/nó a íoslaghdú.
- Dá ndéanfaí reachtaíocht aeráide an AE a chur chun feidhme go hiomlán, laghdófaí astaíochtaí AE timpeall 45% faoi 2030 (i gcomparáid leis an mbliain 1990).

EIR – COSAINT AN DÚLRA AGUS NA BITHÉAGSÚLACHTA

- Tá sprioc 2020 Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht bainte amach cheana ag an AE, .i. 10% de limistéir chósta agus muirí a bheith cumhdaithe le limistéir faoi chosaint. Leanadh de líonra Natura 2000 a mhéadú ar thalamh agus is ionann é agus 18% de limistéir thalún anois. In ainneoin an fhoráis sin, caithfidh formhór na mBallstát dlús a chur lena n-iarrachtaí líonra Natura 2000 a chur i gcrích agus dea-bhainistíocht a dhéanamh air.
- Tá cailliúint na bithéagsúlachta ag tarlú san AE fós, fiú má tá dul chun cinn áirithe déanta ag leibhéal áitiúil. Tá bearnaí tábhachtacha i bhfeidhmíocht na mBallstát maidir le cur chun feidhme, forfheidhmiú, maoiniú agus comhtháthú beartas ag cur



**TAKE THE
INITIATIVE!**

**#EUGreenWeek
13–17 MAY 2019**

isteach ar iarrachtaí chun éiceachórais Eorpacha a chosaint ar bhrúnna, brúnna cosúil le cleachtas mhíchuí talmhaíochta, sraoilleáil uirbeach nó leathadh speiceas coimhthíoch ionrach.

EIR – SLÁINTE AGUS MIANACH SAOIL NA SAORÁNACH

Caighdeán an aeir/torann

- Tá feabhas tagtha ar chaighdeán an aeir san Eoraip le fiche nó tríocha bliain anuas ach, in ainneoin sin, caithfidh formhór na mBallstát laghdú ar astaíochtaí a luasghéarú, go háirithe astaíochtaí iompair agus talmhaíochta, agus táirgeadh fuinnimh níos glaine a chur chun cinn.
- Tionóladh babhta idirphlé dírithe ar chaighdeán an aeir idir na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach ón mbliain 2017 i leith. Faoi dheireadh na bliana 2018, eagraíodh sé “Idirphlé maidir le hAer Glan” chun dul i ngleic le dúshlán áirithe i bPoblacht na Seice, san Ungáir, in Éirinn, i Lucsamburg, sa tSlóvaic agus sa Spáinn.

Astaíochtaí tionsclaíocha

- Tá sé mar chuspóir ag an Treoir um Astaíochtaí Tionsclaíocha ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine agus don chomhshaol, agus an nuálaíocht agus an t-iomaíocht a fheabhsú ag an am céanna. Tá úsáid á baint as a lán teicneolaíochtaí ceannródaíocha, agus cabhraíonn sé seo le laghdú suntasach ar thruailleáin a bhaint amach, ach tá dúshlán ann fós: astaíochtaí tionsclaíocha ón earnáil fuinnimh is ea is príomhchúis leis an truailliú aeir agus/nó uisce in aon Bhallstát déag, tagann formhór na n-astaíochtaí i seacht dtír ón earnáil tógála éanlaithe agus muc, agus tagann siad ó mhonarchana iarainn agus cruach in dhá thír. Is cúis imní iad fós i dtíortha Bhallstát na hastaíochtaí a thagann ó ghníomhaíochtaí cóireála dramhaíola.

Uisce

- Cé gur thug roinnt Ballstát faoi bheartais oiriúnacha, tá neart oibre le déanamh fós chun cuspóirí reachtaíocht uisce an AE a bhaint amach, mar shampla maidir le fuíolluisce uirbeach, tuilte nó abhantracha a bhainistiú. Beidh infheistíochtaí méadaithe, lena n-áirítear infheistíochtaí ó chistí AE, riachtanach chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh.

Ceimiceáin

- Díritear go príomha i reachtaíocht ceimiceán an AE ar bhainistiú na gceimiceán atá fóna ó thaobh an chomhshaoil de agus ar a n-úsáid shábháilte. Tá comhar idir na Ballstáit á neartú chun go bhforfheidhmeofar an reachtaíocht.



**TAKE THE
INITIATIVE!**

**#EUGreenWeek
13–17 MAY 2019**

CÁNACHAS COMHSHAOIL, SOLÁTHAR POIBLÍ GLAS AGUS MAOINIÚ COMHSHAOIL

- Is bealach éifeachtach agus éifeachtúil é chun cuspóirí comhshaoil a bhaint amach na dreasachtaí airgeadais agus ionstraimí eacnamaíochta, lena n-áirítear deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais atá dochrach don chomhshaoil.
- I roinnt Ballstát, is é an príomhdhúshlán do mhaoiniú comhshaoil deimhin a dhéanamh de go mbeadh a dhóthain maoinithe ar fáil i gcónaí; tá fadhb i dtíortha eile le húsáid éifeachtach a bhaint as cistí AE, agus is cumas neamhleor na rialtais is cúis leis sin uaireanta.
- Is minic go mbíonn gá le sainchistiú chun cuspóirí comhshaoil a bhaint amach – i gCistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE), is ionann ‘cosaint an chomhshaoil agus éifeachtúlacht acmhainní’ agus an leithdháileadh is airde sa tréimhse 2014-2020 in dhá Bhallstát déag.

RIALACHAS/SLÁINE COMHSHAOIL

- Níl dóthain fostaithe ag na húdaráis chomhshaoil i roinnt Ballstát agus cuireann an easpa cumais agus acmhainní sin isteach ar chumas cuir chun feidhme agus forfheidhmithe na n-údarás.
- Is féidir le Ballstáit feabhas breise a chur ar a rialachas foriomlán comhshaoil, lena n-áirítear an trédhearcacht, rochtain ar eolas nó deimhin a dhéanamh de gur féidir le ENRanna agóidí dlíthiúla a dhéanamh maidir le fadhbanna comhshaoil. Áirítear ann chomh maith acmhainní agus cumas leibhéil éagsúla an rialtais a fheabhsú chun an reachtaíocht chomhshaoil a fhorfheidhmiú agus a chur chun feidhme go héifeachtach.
- Is féidir sláine comhshaoil níos fearr a bhaint amach ach cúraimí comhshaoil a chur san áireamh agus bearta eile poiblí, mar shampla bearta fuinnimh, iompair agus talmhaíochta, á leagan amach agus á gcur i gcrích.
- Uirlis don phiarfhoghlaim is ea TAIEX-EIR PEER 2 PEER agus úsáidtear an uirlis sin chun an cur chun feidhme comhshaoil ag na húdaráis chomhshaoil a fheabhsú.
- Is féidir dul i ngleic leis na fadhbanna ar fad atá sonraithe i dtuairiscí tíre EIR le hidirphlé saineolaithe TAIEX-EIR PEER 2 PEER, fadhbanna mar seo a leanas: an geilleagar ciorclach agus bainistíocht na dramhaíola, cosaint an dúlra, an bhithéagsúlacht, cosaint an bhonneagair ghlais agus na hithreach, caighdeán an aeir a fheabhsú, caighdeán agus bainistíocht an uisce agus forbairt inbhuanaithe uirbeach. Chomh maith leis sin, is féidir na hargóintí saineolaithe sin a úsáid chun déileáil le bunchúiseanna coiteanna na mbearnaí cuir chun feidhme, cosúil le cumas riaracháin, scileanna, meicníochtaí comhordaithe, rochtain ar cheartas, dlíteanas comhshaoil, dearbhú comhlíonta agus an t-eolas comhshaoil nó gnéithe eile rialachais chomhshaoil a thuairisciú agus a roinnt.
- Bhí tús rathúil ag an uirlis TAIEX-EIR PEER 2 PEER sa bhliain 2018. Ghlac na Ballstáit ar fad páirt in ócáid amháin ar a laghad, agus ba cheardlanna ilnáisiúnta



**TAKE THE
INITIATIVE!**

**#EUGreenWeek
13–17 MAY 2019**

breis is leath de na hócáidí. Cuireadh naoi dtionscadal déag i gcrích sa bhliain 2018. Tionscadail faoin ngeilleagar ciorclach, dramhaíl agus aer ba ea formhór na dtionscadal idir píaraí go dtí seo.



**TAKE THE
INITIATIVE!**

#EUGreenWeek
13–17 MAY 2019